

Eachtra Robála

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi eachtra robála i nDún na nGall. Sula bhféachann tú ar an mír, an dtuigeann tú na focail seo? Cuir ceist ar an duine in aice leat, má tá tú in amhras.

<i>suim mhór airgid</i>	<i>stáisiún peitрил</i>
<i>pumpa breosla</i>	<i>ceamaraí slándála</i>
<i>scipéid airgid</i>	<i>taisceadán airgid</i>
	<i>buíon gadaithe</i>
<i>iargúlta</i>	<i>ag crochadh thart</i>
	<i>comharsanacht</i>

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 (A)

Féach ar an tuairisc den dara huair. An bhfuil na ráitis seo **fíor** nó **bréagach**?

1. Ní raibh an stáisiún peitрил ar an Tearmann oscailte inniu de barr robála oíche aréir.
2. Briseadh isteach sa siopa am éigin idir 8.30 aréir agus 7.00 ar maidin.
3. Briseadh isteach sna gluaisteáin a bhí ann agus rinneadh dochar do cheamaraí slándála.
4. Goideadh suim mhór airgid, cé nach raibh na halárim slándála tiontaithe as ag na gadaithe.
5. Ceapann na Gardaí gurb iad na gadaithe céanna a rinne an dá robáil, ar an Tearmann agus i Leitir Mhic an Bhaire.
6. Tharla sraith d'eachtraí gadaithe anuraidh i dtithe seandaoine agus i ngnóthaí i nDún na nGall.
7. Tá na Gardaí ag déanamh fiosrúcháin faoi charr dearg a chonaic úinéir an tsiopa.
8. Tá na Gardaí ag moladh go ndúnfaí gnóthaí ar fad i gceantair iargúlta i nDún na nGall.

Ceist 2

Déan cur síos, don duine in aice leat, ar an eachtra robála a tharla ar an Tearmann anois.

Ceist 3 Cén briathar saor san aimsir chaite, atá ag na briathra seo?

bris	_____
goid	_____
déan	_____
feic	go _____

Cé mhéad uair atá siad le cloisteáil sa mhír? Féach ar an tuairisc arís chun an freagra a aimsiú.

Ceist 4 ‘...cúpla duine...’

1. Cén riail a bhaineann leis an bhfocal **cúpla**?
2. Tabhair cúpla sampla eile de nathanna coitianta a bhfuil an focal **cúpla** ann.

Ceist 5 ‘...ar an cheamara...’ /

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa sampla thuas?
2. Cén chanúint lena mbaineann sé?
3. Cad a bheadh i gceist sna canúintí eile?
4. Cén chanúint atá agat agus cén leagan a úsáideann tú féin?

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar goideadh aon ní ort riamh? Cad a bhí ann?
2. Cén fáth a mbíonn daoine ag goid airgid, dar leat?
3. An bhfuil an leibhéal coireachta níos airde faoin tuath nó sna cathracha, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|-----------------------------|-------------------|
| 1. <i>suim mhór airgid</i> | big sum of money |
| 2. <i>stáisiún peitрил</i> | petrol station |
| 3. <i>pumpa breosla</i> | fuel pump |
| 4. <i>ceamaraí slándála</i> | security cameras |
| 5. <i>scipéid airgid</i> | cash registers |
| 6. <i>taisceadán airgid</i> | safe (money) |
| 7. <i>buíon gadaithe</i> | a gang of robbers |
| 8. <i>iargúlta</i> | remote |
| 9. <i>ag crochadh thart</i> | hanging about |
| 10. <i>comharsanacht</i> | neighbourhood |

Ceist 2 (A)

1. Fíor.
2. Bréagach. Briseadh isteach sa siopa am éigin idir 9.30pm agus 7.30am.
3. Bréagach. Ní luaitear aon ghluaisteáin, ach deirtear gur briseadh na pumpaí breosla.
4. Bréagach. Bhí na halárim tiontaithe as, ag na gadaithe.
5. Fíor.
6. Fíor.
7. Bréagach. Carr dorcha a luaitear agus ní deirtear cé a chonaic an carr sin.
8. Bréagach. Tá na Gardaí ag moladh go mbeadh slándáil cheart ag gnóthaí.

Ceist 2 (B)

Gníomhaíocht cainte é seo.

Ceist 3

bris	<i>briseadh (5)</i>
goid	<i>goideadh (2)</i>
déan	<i>rinneadh (4)</i>
feic	<i>go bhfacthas (1)</i>

Ceist 4

1. Bíonn an t-ainmfhocal a leanann an focal **cúpla** sa tuiseal ainmneach, uatha i gcónaí.
2. Cúpla duine, cúpla focal, cúpla cara, cúpla uair.

Ceist 5

1. An tuiseal tabharthach
2. Canúint Uladh.
3. ar an gceamara,
4. Mínígh do na foghlaimeoirí go gcaithfidh siad córas a roghnú agus an córas sin a leanúint i gcónaí. Ní féidir **ar an cheamara** a úsáid in abairt amháin; agus **ar an gceamara** san abairt eile.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá Gardaí i nDún na nGall den tuairim go bhfuil ceangal idir eachtraí robála sa gcontae¹ le deireanaí. Briseadh isteach i siopa agus garáiste ar an Tearmann aréir agus goideadh suim mhór airgid. Measann na Gardaí go bhfuil go leor cosúlachtaí idir é agus robáil a rinneadh ar gharáiste i Leitir Mhic an Bhaird i mí na Samhna.

Áine Ní Bhreisleáin

Ní raibh siopa ná stáisiún peitрил Mhic Suibhne ar an Tearmann i nDún na nGall foscailte² don phobal inniu, i ndiaidh eachtra robála ann aréir. Tá an gnó seo suite ar bhealach an N56 idir Cill Mhic Réanáin agus an Craoslach. Briseadh isteach insan³ fhoirgneamh am inteacht⁴ idir a leath i ndiaidh a naoi agus a seacht a chlog ar maidin agus rinneadh go leor damáiste taobh istigh. Briseadh na pumpanna⁵ breosla agus rinneadh dochar do cheamaraí slándála istigh is amuigh. Briseadh na scipéid airgid agus bhí gadaithe ábalta an taisceadán airgid ag cúl an tsiopa a oscailt. Goideadh suim mhór airgid agus deir Gardaí go raibh na haláiraim slándála tiontaithe as ag na gadaithe, rud a deir siad a bhí cosúil le heachtra robála eile i Leitir Mhic an Bhaird ag deireadh na Samhna. Briseadh isteach i siopa agus garáiste Clerkin i Leitir Mhic an Bhaird, agus níl Gardaí ag cur as an áireamh go bhfuil buíon gadaithe i mbun na n-eachtraí⁶ seo i gceantracha⁷ iargúlta den iarthuaisceart.

Rinneadh go leor grúpaí pobail ar aire a bhunadh insa chontae anuraidh nuair a tharla sraith d'eachtraí gadaíochta i dtithe seandaoine agus i ngnónna⁸ faoin tuath.

Deir úinéir shiopa Mhic Suibhne, nach raibh ag iarraidh labhairt ar an cheamara inniu, go bhfacthas carr dorcha ina raibh cúpla fear ag taisteal ann, ag tiomáint in aice leis an stáisiún breosla ar an Tearmann, ag a cúig a chlog ar maidin. Thiontaigh an carr in aice le cúlbealach agus tá na Gardaí anois ag déanamh fiosrúcháin faoi.

Deir Gardaí Bhaile na nGallóglach go bhfuil siad ag lorg eolais faoin eachtra robála seo ó dhuine ar bith a chonaic feithiclí nó daoine ag crochadh thart i gcomharsanacht an gharáiste am ar bith idir leath i ndiaidh a naoi ar aghaidh agus a seacht a chlog maidin inniu. Tá na Gardaí ag moladh do lucht gnó i gceantracha iargúlta de chontae Dhún na nGall, ach go háirithe, a bheith cinnte go bhfuil slándáil mar is ceart acu ar a gcuid foirgneamh.

Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, ar an Tearmann.

¹ *sa gcontae* atá i gcanúint Chonnacht, *sa chontae* atá sa Chaighdeán Oifigiúil.

² *oscailte* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

³ Tá *insa/insan* ina leagan canúnach. *Sa/san/sna* atá sa Chaighdeán Oifigiúil.

⁴ *éigin* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

⁵ *pumpaí* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

⁶ *na heachtraí* a deirtear

⁷ *ceantair* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

⁸ *gnóthaí* atá sa Chaighdeán Oifigiúil